



AN MARGADH INMHEÁNACH FUINNIMH

Chun comhchuibhiú agus léirscaoileadh a dhéanamh ar mhargadh inmheánach fuinnimh AE, glacadh bearta ó 1996 i leith, a rachadh i ngleic le rochtain ar an margadh, le trédhearcacht agus rialáil, le cosaint tomhaltóirí, le tacaíocht don idirnascthacht agus le leibhéil leormhaithe soláthair. Is é aidhm na mbeart sin margadh leictreachais AE a dhéanamh níos iomaíche, níos dírithe ar an gcustaiméir, níos solúbtha agus níos neamh-idirdhealaithí, le praghsanna soláthair bunaithe ar an margadh. Neartódh agus leathnódh sé cearta na gcustaiméirí aonair agus na bpobal fuinnimh, rachadh sé i ngleic le bochtaineacht fuinnimh, shoiléireodh sé ról agus freagrachtaí na rannpháirtithe sa mhargadh agus na rialtóirí, rachadh sé i ngleic le slándáil an tsoláthair leictreachais, gáis agus ola, mar aon le forbairt na líonraí tras-Eorpacha d'iompar leictreachais agus gáis.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 194 agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

San earnáil fuinnimh, éilíonn cur i gcrích mhargadh inmheánach AE na nithe seo a leanas: go mbainfí na constaicí agus na bacainní trádála iomadúla; go ndéanfaí comhfhogasú ar bheartais agus ar bhearta cánach agus praghsála i ndáil le noirm agus caighdeáin; agus go mbeadh rialacháin ann maidir leis an gcomhshaol agus le sábháilteacht. Is é is cuspóir leis seo margadh feidhmiúil a áirithiú a mbeadh rochtain chothrom air agus a mbeadh leibhéal ard cosanta ann don tomhaltóir, chomh maith le leibhéil leormhaithe idirnascthachta agus acmhainne giniúna.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Léirscaoileadh na margaí gáis agus leictreachais

Le linn na 1990idí, tráth a raibh monaplacht á déanamh ar fhormhór na margaí náisiúnta leictreachais agus gáis nádúrtha, bheartaigh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit na margaí sin a oscailt diaidh ar ndiaidh don iomaíochas. Glacadh na chéad treoracha maidir le léirscaoileadh (An Chéad Phacáiste Fuinnimh) in 1996 (leictreachas) agus in 1998 (gás), a bheadh le trasuí i gcórais dhlíthiúla na mBallstát faoi 1998 (leictreachas) agus 2000 (gás). Glacadh an Dara Pacáiste Fuinnimh in 2003, agus bheadh a threoracha le trasuí i ndlí náisiúnta na mBallstát faoi 2004, agus bhí roinnt forálacha ann nach raibh le teacht i bhfeidhm go dtí 2007. Bhí saorchead anois ag tomhaltóirí



tionsclaíocha agus intíre a soláthraithe gáis agus leictreachais féin a roghnú as measc raon níos leithne iomaitheoirí. I mí Aibreáin 2009 glacadh an Tríú Pacáiste Fuinnimh chun léirscaoileadh sa bhreis a dhéanamh ar mhargaí inmheánacha leictreachais agus gáis, ag leasú an dara pacáiste agus ag soláthar bunchloiche do chur chun feidhme an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh.

B. Céimeanna breise

Mar a fógraíodh i straitéis don Aontas Fuinnimh (COM(2015) 0080), chun fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a sholáthar do thomhaltóirí, chuir an Coimisiún chun tosaigh sraith de thograí reachtacha an 30 Samhain 2016, do dhearadh nua mhargadh fuinnimh AE. Is é aidhm an phacáiste dar teideal ‘Fuinneamh Glan do Gach Eorpach’ ([COM\(2016\) 0860](#)) an tAontas Fuinnimh a chur chun feidhme agus cumhdaíonn sé éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, dearadh an mhargaidh leictreachais, slándáil an tsoláthair leictreachais agus rialacha rialachais don Aontas Fuinnimh. Chun an margadh inmheánach fuinnimh a thabhairt chun críche, mhol an Coimisiún bearta dá bhrí sin sa Treoir maidir le Leictreachas (COM(2016)0380), sa Rialachán maidir le Leictreachas ([COM\(2016\)863](#)) agus sa Rialachán maidir le hUllmhacht i gcomhair Riosca ([COM\(2016\)862](#)).

Leis an togra le haghaidh Treoir maidir le rialacha coiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas ([COM\(2016\) 0864](#)), athmhúnlaítear Treoir 2009/72/CE. Tá an togra dírithe orthu seo a leanas:

- Billí leictreachais níos soiléire agus níos minice: bheadh saorchead ag custaiméirí leictreachais a soláthraí nó a gcomhbhailitheoir féin a roghnú, cuidithe ag uirlisí deimhnithe comparáideachta, gan táill a bheith á ngearradh toisc soláthraí a athrú, agus conradh dinimiciúil praghais agus méadar cliste a fháil.
- Custaiméirí bochta nó leochaileacha a chosaint: bheadh sé de dhualgas ar na Ballstáit cosaint spriocdhírthe a thairiscint trí fhaireachán agus tuairisciú a dhéanamh maidir le líon na dteaghlach atá faoi bhochtaineacht fuinnimh.
- Gníomhaithe nua a mhealladh isteach sa mhargadh: bheadh saorchead ag comhbhailitheoirí páirt a ghlacadh sa mhargadh miondíola; bheadh sé de cheart ag pobail áitiúla fuinnimh páirt a ghlacadh i nginiúint, i ndáileadh, i gcomhbhailiú agus i stóráil fuinnimh go háitiúil agus i seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh agus bheadh rochtain acu ar gach margadh eagraithe; dhéanfadh na Ballstáit rialáil ar mhalartú sonraí idir na rannpháirtithe sa mhargadh.
- Leictrea-shoghluaisteacht a éascú: bheadh ar na Ballstáit éascú a dhéanamh ar nascadh na bpointí athluchtaithe i gcomhair feithiclí leictreacha leis an líonra dáilte leictreachais, agus bheadh orthu úinéireacht agus oibriú na bpointí athluchtaithe sin a oscailt do thríú páirtithe.
- Tascanna na n-oibreoirí córais Dáileacháin (DSO) a shoiléiriú agus nós imeachta a thabhairt isteach do phleanáil d’fhorbairt an líonra dáileacháin.

Is é aidhm an togra le haghaidh Rialachán maidir le hUllmhacht i gcomhair Riosca ([COM\(2016\)862](#)) an riosca-ullmhacht a neartú trí chomhar a spreagadh idir oibreoirí córais Tarchurtha (OCTanna) agus OCTanna comharsanachta agus an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus éascú a dhéanamh



ar bhainistiú trasteorann na heangaí leictreachais i gcás ina dtarlódh géarchéim leictreachais. Bhainfí é sin amach trí Lárionaid Oibríochta Réigiúnacha, arna dtabhairt isteach ag an togra gaolmhar le haghaidh Rialachán maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh ([COM\(2016\) 861](#)). Tá ceithre shraith beart molta: (i) rialacha comhchoiteanna maidir le conas géarchéimeanna leictreachais a chosc agus ullmhú lena n-aghaidh chun comhar trasteorann a áirithiú, (ii) rialacha comhchoiteanna chun bainistiú a dhéanamh ar ghéarchéimeanna, (3) modhanna comhchoiteanna chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair, (4) creat comhchoiteann chun meastóireacht agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar an soláthar leictreachais.

Leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh ([COM\(2016\)0861](#)), athmhúnláitear Rialachán (AE) Uimh. 714/2009, chun an margadh fuinnimh a chur in oiriúint do sholúbthacht, do dhíchárbónú agus do nuálaíocht trí fhoráil le haghaidh comharthaí neamhshaofa margaidh a chur ar fáil. Is éard atá sa togra seacht gcinn de thograí reachtacha eile, agus astu sin baineann cúig cinn le soláthar leictreachais, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha le haghaidh trádáil leictreachais, soiléiriú a dhéanamh ar fhreagrachtaí na rannpháirtithe sa mhargadh, agus sainmhíniú a dhéanamh ar na prionsabail do mheasúnú na riachtanas acmhainneachta agus do shásraí acmhainneachta margadh-bhunaithe.

C. Rialáil ar an margadh fuinnimh: an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

Tá an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) go hiomlán feidhmiúil ó bhí Márta 2011 ann (Rialachán (CE) Uimh. 713/2009). Tá ACER freagrach go príomha as an gcomhar idir údaráis rialála náisiúnta a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal Eorpach agus as faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an líonra agus ar na margáil inmheánacha leictreachais agus gáis. Tá sí inniúil freisin i leith cásanna de dhrochúsáid mhargaidh a imscrúdú agus comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpionós iomchuí i gcomhar leis na Ballstáit. Is ar na Ballstáit féin, áfach, atá an fhreagracht as na smachtbhannaí is infheidhme i leith sáruithe a chur i bhfeidhm.

Mar chéim sa bhreis, glacadh dhá rialachán, ag cruthú struchtúr don chomhar le haghaidh Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha (ENTSOanna): ceann amháin le haghaidh leictreachais (CE/714/2009) agus ceann amháin le haghaidh gáis (CE/715/2009 arna leasú le Cinneadh 2010/685/AE ón gCoimisiún). Déanann na ENTSOanna, i gcomhar le ACER, rialacha mionsonraithe agus cóid theicniúla maidir le rochtain ar an líonra a cheapadh, agus áirithíonn siad go ndéantar comhordú ar oibriú na heangaí trí mhalartú faisnéise oibríochtúla agus trí chaighdeáin agus nósanna imeachta comhchoiteanna sábháilteachta agus géarchéime a fhorbairt. Tá na ENTSOanna freagrach freisin as plean infheistíochta líonraí 10-mbliana a fhorbairt gach dara bliain, ar pleananna iad a ndéanann ACER athbhreithniú orthu ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, féachann Treoir 2008/92/CE le feabhas a chur ar thrédhearcacht na bpraghsanna gáis agus leictreachais arna ngearradh ar úsáideoirí deiridh tionsclaíocha trína cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear na praghsanna sin agus na córais phraghsála arna n-úsáid in iúl do Eurostat faoi dhó in aghaidh na bliana. I mí



Dheireadh Fómhair 2011, ghlac AE Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh fuinnimh mórdhíola (REMIT) a bhfuil mar aidhm leis cleachtais chóirthrádála a ráthú sna margaí fuinnimh Eorpacha.

An 30 Samhain 2016, mhol an Coimisiún Rialachán ([COM\(2016\)863](#)) go ndéanfaí athchóiriú ar ACER chun gníomhartha dlíthiúla a athmhúnlú agus a phríomhról a neartú mar chomhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí na rialtóirí náisiúnta, go háirithe sna réimsí sin ina dtagann fadhbanna nó neamhréireachtaí chun cinn don mhargadh inmheánach mar thoradh ar chinnteoireacht ilroinnte náisiúnta maidir le saincheistanna atá ábhartha ar bhonn trasteorann. Dá bhrí sin, tugadh an liosta de thascanna cothrom le dáta chun go n-áireofaí cúraimí ACER i réimse na maoirseachta margaidh mórdhíola agus an bhonneagair trasteorann, chun breis freagrachta a thabhairt do ACER ó thaobh togra deiridh a fhorbairt agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cód líonra agus chun tionchar a imirt ar phróiseas athbheithniúcháin an mhargaidh leictreachais réigiúnaigh (an limistéar tairisceana) (mar a leagtar síos sa Rialachán athmhúnlaithe maidir le Leictreachas ([COM\(2016\)861](#))).

D. Slándáil an tsoláthair leictreachais, gáis nádúrtha agus ola

Bunaítear le Treoir 2005/89/CE bearta a bhfuil mar aidhm leo coimirciú a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair leictreachais, chun a áirithiú go bhfuil an margadh inmheánach leictreachais ag feidhmiú i gceart, go bhfuil leibhéal leormhaith idirnascthachta ann idir na Ballstáit, agus go bhfuil leibhéal leormhaith d'acmhainn giniúna ann, agus cothromaíocht idir soláthar agus éileamh. I bhfianaise go bhfuil ríthábhacht le gás do sholáthar leictreachais an Aontais Eorpaigh agus mar fhreagra ar an ngéarchéim ola Rúiseach-Úcránach le linn gheimhreadh 2008-2009, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 i ndáil le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú in 2010. Is é aidhm an Rialacháin sásraí coisc agus freagartha géarchéime a threisiú. Ceanglaíonn Treoir 2009/119/CE ar na Ballstáit, a bhfuil mar aidhm léi soláthar slán ola a áirithiú, stoic íosta ola a choinneáil, a chomhfhreagraíonn do 90 lá de mheán-allmhairiú laethúil nó 61 lá de mheántomhaltas laethúil intíre, cibé acu is mó ó thaobh na cainníochta de. Mar fhreagra ar chúiseanna imní i ndáil le soláthar gáis Rúisigh tríd an Úcráin, d'eisigh an Coimisiún a Straitéis Slándála Fuinnimh i mí Bealtaine 2014 ([COM\(2014\) 0330](#)). Is é aidhm na Straitéise soláthar cobhsaí agus flúirseach fuinnimh a áirithiú do shaoránaigh Eorpacha agus don gheilleagar. Leagtar amach inti bearta amhail éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, táirgeadh fuinnimh intíre agus na naisc bhonneagair atá in easnamh a chríochnú ionas gur féidir fuinnimh a athdhíriú chuig na háiteanna ina bhfuil gá leis le linn géarchéime.

An 8 Samhain 2017 ghlac an Coimisiún Eorpach togra reachtach i ndáil le hathbheithniú spriocdhírithé a dhéanamh ar Threoir 2009 maidir le gás nádúrtha ([COM\(2017\) 660](#)). Dhéanfadh sé seo príomhfhóralacha na Treorach maidir le gás infheidhme láithreach do phíblínte gáis trasteorann le tríú tíortha, go háirithe do na codanna sin de na píblínte atá suite laistigh de chríoch AE. Chuideodh sé seo a áirithiú nach ndéanadh na tionscadail bhonneagair gháis atá ann faoi láthair, nó cinn atá beartaithe nó a bheidh ann amach anseo, idir Ballstáit AE agus tríú tíortha saobhadh ar an margadh aonair fuinnimh nó nach ndéanfaidís slándáil an tsoláthair in AE a lagú.



E. Gréasáin Fuinnimh Tras-Eorpacha (TEN-E)

Leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 treoirlínte le haghaidh gréasán fuinnimh tras-Eorpach a shainathníonn tionscadail chomhleasa (PCI) agus i measc líonraí tras-Eorpacha leictreachais agus gáis. Tugtar tús áite do thionscadail chomhleasa ó thaobh cúnaimh airgeadais a dheonú, ar cúnaimh é dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2236/95. Tá sé beartaithe go príomha leis an mbuiséad arna leithdháileadh ar TEN-E staidéir féidearthachta a mhaoiniú. Féadtar leas a bhaint as ionstraimí eile chun infheistíochtaí a pháirtmhaoiniú, mar shampla Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa nó an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI). Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 256/2014](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún faoi thionscadail infheistíochta sa bhonneagar fuinnimh laistigh den Aontas Eorpach ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir lena dtionscadail infheistíochta i mbonneagar fuinnimh.

Ina theachtaireacht dar teideal 'Buiséad don Eoraip 2020' ([COM\(2011\) 0500](#)), mhol an Coimisiún sásra nua, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF), chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail tosaíochta i réimse an fhuinnimh, an iompair agus an bhonneagair dhigitigh chriticiúil ó 2014 go 2020. I mí na Samhna 2013, d'fhormhuinigh an Pharlaimint an comhaontú leis an gComhairle maidir le buiséad le haghaidh CEF, ag cur EUR 5.12 billiún ar leataobh chun tionscadail bhonneagair fuinnimh thras-Eorpacha a fhorbairt ([P7_TA\(2013\)0463](#)). Roghnaíodh cúpla tionscadal comhleasa le go dtabharfaí tacaíocht AE dóibh, bunaithe ar na treoirlínte bhonneagair fuinnimh arna bhformhuiniú i mí Márta 2013 ag an gComhairle agus ag an bParlaimint ([P7_TA\(2013\)0061](#)).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Trí ghlacadh an phacáiste reachtaigh maidir le margaí inmheánacha fuinnimh, tá tacaíocht mhór léirithe ag an bParlaimint don díchuachadh ar an úinéireacht tarchurtha in earnáil an leictreachais ag aithint gurb é sin an uirlis is éifeachtaí chun cur chun cinn a dhéanamh ar infheistíocht sa bhonneagar ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, ar rochtain chothrom ar an eangach d'iontrálaithe nua, agus ar thrédhearcacht sa mhargadh. Tá béim leagtha ag an bParlaimint freisin ar an tábhacht a bhaineann le comhdhearcadh a bheith ann i leith infheistíochtaí meántéarmacha (plean táscach Eorpach 10 mbliana a bheidh dírithe ar idirnáisc); comhar níos fearr idir na húdaráis rialála, na Ballstáit agus na hoibreoirí córais tarchurtha; próiseas láidir comhchuibhithe na ndálaí rochtana líonra. Ar thionscnamh na Parlaiminte, samhlaíodh tábhacht speisialta a bheith ag baint le cearta an tomhaltóra, atá ina gcuid den chomhaontú a gnóthaíodh leis an gComhairle: sna rúin éilíodh go méadófaí cearta an tomhaltóra (athrú soláthraithe, faisnéis dhíreach trí mhéadair chliste agus déileáil éifeachtúil le gearáin arna ndéanamh leis an 'ombudsman' fuinnimh.) D'éirigh leis an bParlaimint aitheantas a bhaint amach freisin don choincheap 'bochtaineacht fuinnimh'. Thacaigh sí go láidir le bunú ACER agus béim á leagan aici ar an ngá go dtabharfaí na cumhachtaí riachtanacha do ACER chun na saincheisteanna sin a réiteach nach féidir



le rialtóirí náisiúnta réiteach a fháil orthu agus a chuireann bac ar chomhtháthú agus ar fheidmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh.

Rúin thábhachtacha a glacadh le déanaí:

- 12 Meán Fómhair 2017: glacadh rialacha nua ionas go mbeadh tíortha comharsanachta in ann cabhrú lena chéile bainistiú a dhéanamh ar ghéarchéim gáis, foráil a dhéanamh don lánpháirtiú trasteorann agus do thrédhearcacht na gconarthaí soláthair gáis;
- 2 Márta 2017: D'fhormheas Feisirí de Pharlaimint na hEorpa rialacha a cheanglaíonn ar na Ballstáit Coimisiún AE a chur ar an eolas faoina bpleananna caibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe soláthair fuinnimh le tríú tíortha sula gcuirfí tús leis na caibidlíochtaí sin;
- 25 Deireadh Fómhair 2016: Thacaigh an Pharlaimint le rún maidir le straitéis AE do ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) ionas go mbeadh soláthar fuinnimh níos sláine, ionas go ngearrfaí siar ar astaíochtaí carbóin agus ionas go mbeadh praghsanna níos inacmhainne.
- 13 Meán Fómhair 2016: Moltar, i rún na Parlaiminte, 'l dtreo dearadh nua don mhargadh fuinnimh' go mbeadh meascán de mhargaí gearrthéarmacha leachtacha agus comharthaí praghais fadtéarmacha ann, chun go mbeadh an margadh oiriúnach don sciar méadaithe d'fhoinsí in-athnuaite agus de thomhaltóirí gníomhacha.
- 26 Bealtaine 2016: Éilítear i rún na Parlaiminte maidir le comhaontú nua a sholáthar do chustaiméirí fuinnimh go ndéanfaí saoránaigh a chumhachtú chun a bhfuinneamh in-athnuaite féin a tháirgeadh, a úsáid, a stóráil, nó a thrádáil, páirt a ghlacadh sa mhargadh fuinnimh, agus páirt a ghlacadh sa fhreagairt don éileamh.

Frédéric Gouardères
05/2019

